C/2024/2128

13.3.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Case M.11465 — SILVER LAKE / AUSTRALIANSUPER / DIGITALBRIDGE / VANTAGE EMEA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2128)

1. An 28 Feabhra 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Silver Lake Group, L.L.C. ('Silver Lake', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— AustralianSuper ('AustralianSuper', an Astráil) ([2]),

— DigitalBridge Group, Inc. ('DigitalBridge', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Vantage Data Centers Europe S.à r.l ('Vantage EMEA', Lucsamburg), faoi chomhrialú comhpháirteach ag AustralianSuper, DigitalBridge agus Public Sector Pension Investment Board faoi láthair.

Gheobhaidh Silver Lake rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Vantage EMEA. Tar éis an idirbhirt, beidh Vantage EMEA á rialú go comhpháirteach ag Silver Lake, AustralianSuper agus DigitalBridge.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta teicneolaíochta domhanda é Silver Lake. Tá gairmithe infheistíochta Silver Lake lonnaithe ar fud Mheiriceá Thuaidh, na hEorpa agus na hÁise agus tá taithí fhairsing acu ar infheistíocht agus oibriú i réimse na teicneolaíochta.

— Is ciste pinsin agus aoisliúntais tionscail poiblí ón Astráil é AustralianSuper, a bunaíodh faoin Acht um Thionscal Aoisliúntas (Formhaoirseacht), 1993 (Comhlathas).

— Is gnólacht infheistíochta bonneagair dhigitigh ar scála domhanda é DigitalBridge atá liostaithe ar Stocmhalartán Nua-Eabhrac.

— Is le Vantage EMEA punann ionad sonraí go hindíreach ar fud na hEorpa, na Ríochta Aontaithe agus na hAfraice Theas, agus oibríonn sé an phunann sin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([3]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11465 — SILVER LAKE / AUSTRALIANSUPER / DIGITALBRIDGE / VANTAGE EMEA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) Feidhmíonn AustralianSuper Pty Ltd (an Astráil) mar iontaobhaí le haghaidh AustralianSuper.
([3]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË